



Cnuasach Bhéaloideas Éireann An Coláiste Ollscoile, COBÁC

Córas Tagartha do Chnuasach Bhéaloideas Éireann

Iarrtar **cead a bheith faighte** ón Stiúrthóir roimhré le hábhar ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann a fhoilsiú.

Nuair a bheidh an cead sin faighte, moltar admháil mar seo a leanas a chur sa bhfoilseachán: Cnuasach Bheáloideas Éireann, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath.

Moltar tagairtí i bhfonótaí agus in iarnótaí a dhéanamh mar seo a leanas:

Príomhbhailiúchán Lámhscríbhinní/ Bailiúchán na Scol

Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ feasta), Uimhir lámscríbhinne, uimhir leathanaigh, faisnéiseoir, aois, gairm bheatha, seoladh. Bailitheoir, dáta.

Sampla:

CBÉ 1280:2-6; Séamus Ó Murchú (76), iascaire, Baile na Rátha, Dún Chaoin, Contae Chiarraí. Bailitheoir: Seosamh Ó Dálaigh, Eanáir, 1954.

Moltar tagairt a dhéanamh do Bhailiúchán na Scol mar seo a leanas:

CBÉS 15:10-12; Seosamh Ó Maoileoin (50), An Fhiacail, Contae an Chláir.

Bailitheoir: Máire Ní Mhaoileoin, An Scoil Náisiúnta, An Fhiacail, Contae an Chláir, 1936. Múinteoir: Máire Ní Chonsaidín.

An Chartlann Fuaim

Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ feasta), an tagairt ón gcartlann fuaim, uimhir na míre, faisnéiseoir, aois, gairm bheatha, seoladh. Bailitheoir, dáta.

Sampla:

CBÉ LC163i; Seán Ó Raghallaigh (80), feilméara, Ros Dumhach, Iorras, Contae Mhaigh Eo. Bailitheoir: Leo Corduff, 1963.



An Chartlann Ghrianghraf

Cnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ feasta), uimhir thagartha do chóras cláraithe *Handbook of Irish Folklore*. Ceannscríbhinn. Grianghrafadóir, dáta.

Sampla:

CBÉ M001.01.00062 (Is féidir na huimhreacha tagartha seo a chur le liosta creidiúintí).

‘Éamon de Búrca, Aill na Brón, Cill Chiaráin, Contae na Gaillimhe.’ Grianghrafadóir: Séamus Ó Duilearga, Bealtaine, 1940.